

Topaic: An Páiste

Fothopaic: Caitheamh aimsire

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Dara Ó Cinnéide ag labhairt faoin gcaitheamh aimsire atá ag a pháistí.

Tá an mhír físe agus an téipscrip ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimoirí, bunaithe ar an mír físe. **Ní plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Éisteacht agus cleachtaí teanga

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le Dara Ó Cinnéide ag caint faoin gcaitheamh aimsire atá ag a pháistí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Míneigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Scaip an bhileog ‘Caitheamh aimsire – éisteacht’ agus cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí chun na tascanna a dhéanamh.
- Baineann Tasc 1 le tuiscint ar an méid a chuala siad. Iarr orthu a bhfreagraí a chur i gcomparáid le freagraí a bpáirtithe. Maidir le Tasc 2, cuir ag obair i mbeirteanna iad chun abairtí a chumadh ag baint úsáide as na struchtúir éagsúla. Beidh roinnt ionchuir agus treorach ag teastáil chun cabhrú leo na habairtí a chumadh. Do Thasc 3, beidh ionchur ag teastáil chomh maith, maidir le cén rud é an ginideach agus conas é a aithint. Faigh amach cad atá ar eolas acu roimh ré. Do Thasc 4, eagraigh grúpaí don phlé agus ansin cothaigh plé ranga.
- Cúrsaí canúna:

Tarraing aird ar an bhfocal a úsáideann Dara ar ‘peil’ – ‘caid’.

- Míneigh do na foghlaimeoirí go mbíonn focail éagsúla á n-úsáid sna canúintí éagsúla. Déan plé air seo agus tabhair samplaí simplí:
 - srón/gaosán/caincín;
 - sciathán/lámh;
 - tinn/breuite.
- Míneigh chomh maith go mbíonn brí dhifriúil uaireanta ag focal, ag brath ar an gcanúint. Samplaí:
 - ‘láithreach’ (go gciallaíonn sé ‘níos déanaí’ i gcanúint na Mumhan ach ‘anois díreach’ i gcanúintí eile).
 - ‘buartha’ (go gciallaíonn sé ‘worried’ i gcanúint na Mumhan agus ‘sorry’ i gcanúintí eile).

Tasc samplach 2: Suirbhé – nathanna cainte

Scaip an bhileog ‘Suirbhé – nathanna cainte’. An aidhm atá leis an gcleachtadh seo ná na foghlaimeoirí ag cur ag cleachtadh na struchtúr a bhí á bplé acu ar ball (féach Tasc samplach 1 thuas). Beidh siad ag cleachtadh na struchtúr i gcomhthéacs cumarsáideach, agus beidh siad ag déanamh cleachtaidh ar na foirmeacha difriúla de na struchtúir. Iarr orthu siúl timpeall an ranga chun an suirbhé a dhéanamh.

Tasc samplach 3: An ginideach

Scaip an bhileog 'An ginideach sa saol laethúil'. An aidhm atá leis an gcleachtadh seo ná na foghlaimeoirí ag cur ag cleachtadh na struchtúr a bhí á bplé acu ar ball (féach Tasc samplach 1 thuas). Beidh siad ag díriú ar shamplaí laethúla den ghinideach. Iarr orthu teacht ar shamplaí eile, más féidir.

Freagraí:

bosca lóin
mála scoile
buidéal fíona
uachtar gréine
crann Nollag
lá spóirt
linn snámha
ceapaire cáise
cóta báistí

Tasc samplach 4: Suirbhé – nathanna cainte

Scaip an bhileog 'Dialann imeachtaí'. Iarr ar na foghlaimeoirí na himeachtaí agus na ranganna a bhíonn ar siúl ag a bpáistí a scríobh isteach sa dialann. Ansin caithfidh siad siúl timpeall an ranga agus labhairt le daoine eile chun lá a shocrú ina mbeadh a bpáistí ábalta dul ar cuairt chuig a chéile. Déan roinnt ullmhúcháin leis na struchtúir 'cad a bhíonn ar siúl agaibh Dé Luain?'; 'an bhfuil aon rud ar siúl agaibh Dé Máirt?'; 'an bhfuil sibh saor Dé Céadaoin?' etc.

Caitheamh Aimsire: Éisteacht

Tasc 1: Éist le Dara ag caint ar an gcaitheamh aimsire atá ag a cheathrar iníonacha. Scríobh an méid is féidir leat de na rudaí a luann sé.

Caitheamh aimsire na gcailíní

--

Tasc 2: Stór focal agus nathanna cainte. Le cabhair ó do theagascóir, déan iarracht abairtí a chumadh ag baint úsáide as na struchtúir seo a bhí á n-úsáid ag Dara.

An struchtúr 'ag gabháil do'	Sampla: 'bím ag gabháil do ióga trí huair sa tseachtain'.
An struchtúr 'is mó'	Sampla: 'is mó uair a chonaic mé an páiste sin ag troid'; 'is mó uair a bhí mé sa zú'.
An struchtúr 'taitin'	Sampla: 'taitníonn peil liom' / 'thaitin an scannán liom'.
An struchtúr 'trial a bhaint as'	Sampla: 'ba bhreá liom trial a bhaint as galf lá éigin'.

Tasc 3: Fócas ar theanga: Léigh an téipscript thíos. Le cabhair ó do pháirtí cuir líne faoi gach sampla den tuiséal ginideach atá ann.

Is mó caitheamh aimsire atá ag na cailíní atá agamsa. Bhaineadar trial as cúrsaí peile, nó 'cúrsaí caide' faoi mar a deirtear anseo timpeall. Thaitin sé leo, ach b'fhearr leo a bheith ag imirt cispheile anois agus tá an rogha sin acu. Bíonn siad, chomh maith leis sin, ag gabháil do chúrsaí snámha. Bíonn siad ag snámh uair sa tseachtain nó dhá bhabhta sa tseachtain, amach as an scoil nó istigh in óstán áitiúil. Chomh maith leis sin, bíonn siad ag gabháil do ghleacaíocht. Rud é sin atá tosaithe le fíordhéanaí acu. Is maith leo é. Bhíodar ag féachaint ar an teilifís ar rud éigin ar nós na cluichí Oilimpeacha agus thaitin sé leo agus theastaigh uathu dul agus trial a bhaint as cúrsaí gleacaíochta agus taitníonn sé ana-mhór leo. Buíochas le Dia, tá rogha mhór leathan anois ann do chailíní agus do bhuachaillí, rud nach raibh ann, b'fhéidir, nuair a bhíomarna níos óige. Ach is breá leo a bheith ag imirt spóirt.

Tasc 4: Plé

Pléigh na nithe seo thíos le do ghrúpa.

- An caitheamh aimsire is fearr le muintir mo thí.
- Dá mbeifeá le rang amháin a dhéanann do pháistí a moladh do dhuine eile, cén ceann a mholfá?
- 'Bíonn an iomarca rudaí ar siúl ag páistí na laethanta seo'. Pléigh.

Suirbhé: Nathanna Cainte

Tá an suirbhé seo bunaithe ar na habairtí a chum tú ar ball – cabhróidh sé leat cleachtadh a dhéanamh ar na struchtúir a d’fhoghlaim tú. Siúil timpeall an ranga agus ceistigh triúr foghlaimeoirí eile...

	Duine 1	Duine 2	Duine 3
An dtaitníonn spórt leat?			
An dtaitníonn cócaireacht leat?			
Ar thaitin an rang seo leat?			
An mbíonn tú ag gabháil do cheol?			
An mbíonn do pháistí ag gabháil do pheil?			
Ar bhain tú riamh triail as galf?			
An maith leat triail a bhaint as bianna nua?			

An ginideach sa saol laethúil!

Féach ar na pictiúir thíos agus líon na bearnaí leis an leagan ceart den fhocal. An bhfuil aon samplaí eile agat?



bosca _____



mála _____



buidéal _____



uachtar _____



crann _____



Lá _____



linn _____



ceapaire _____



cóta _____

Dialann Imeachtaí

Scríobh isteach na himeachtaí agus na ranganna a bhíonn ar siúl ag do pháistí sa dialann thíos. Úsáid do shamhlaíocht! Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, caithfidh tú siúl timpeall agus labhairt le daoine eile sa rang. Tá sibh ag iarraidh lá a shocrú ina mbeadh bhur bpáistí ábalta dul ar cuairt chuig a chéile. An éireoidh libh lá agus am a shocrú?

Dé Luain	
Dé Máirt	
Dé Céadaoin	
Déardaoin	
Dé hAoine	
Dé Sathairn	
Dé Domhnaigh	